Comhairle Contae County Council

*Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin*

# Beartas Bailiúcháin Ealaíne 2016–2022

**Ábhar** *Leathanach*


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Comhthéacs | *1* |
| **2** | Saothair ealaíne a thabhairt ar iasacht | *2* |
| **3** | Glacadh le bronntanais de shaothair ealaíne | *4* |
| **4** | Saothair ealaíne a fháil ar iasacht | *5* |
| **5** | Beartas Ceannaigh | *6* |
| **6** | Nós Imeachta maidir le hAire | *7* |
| **7** | Nós Imeachta maidir le Díshealbhú | *9* |

# Comhthéacs

### Bailiúchán Ealaíne Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin aire do bhailiúchán suntasach ealaíne, a théann siar céad bliain nó mar sin, agus ina bhfuil saothair a chruthaigh ealaíontóirí a bhí lonnaithe in Éirinn san fhichiú céad agus san aonú céad is fiche agus a raibh nó a bhfuil baint ag go leor díobh leis an áit. Cheannaigh an Chomhairle na saothair seo in imeacht déaga de bhlianta agus gabhann meáin agus stíleanna go leor leo. Gheofar píosaí sa bhailiúchán le healaíontóirí de bhunadh na háite, idir ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ealaíontóirí seanbhunaithe, chomh maith le líon mór saothar a rinne daoine atá tábhachtach ó thaobh na staire de agus daoine a bhfuil cáil orthu ar fud na tíre.

Féachann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le haire den chaighdeán is airde a thabhairt do na saothair ealaíne atá sa bhailiúchán agus is beartas dá cuid saothair ealaíne a cheannach a rinne ealaíontóirí a bhfuil baint acu le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cinntíonn an beartas seo go dtugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tacaíocht do na healaíontóirí agus aitheantas dá saothair.
Sa doiciméad beartais seo gheofar beartas soiléir maidir le saothair ealaíne a thabhairt ar iasacht, bronntanais a ghlacadh, saothair a fháil ar iasacht, ceannach, aire agus díshealbhú saothar ealaíne.
Is é an bunús atá le beartas a chur le chéile maidir leis an mbailiúchán an deis is mó a thabhairt don phobal na saothair ealaíne ar leis an údarás áitiúil iad a fheiceáil, dul ina dtaithí agus meas a bheith acu orthu agus san am céanna aire a thabhairt do na saothair ealaíne atá ina seilbh. Is cuid den oibleagáid seirbhíse poiblí atá orainn go bhféadfadh níos mó daoine teacht a bheith acu ar an mbailiúchán agus go gcuirfí níos mó daoine ar an eolas faoi.

Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an mbeartas seo ag cruinniú na Comhairle an 17ú Samhain 2016.

# Saothair ealaíne a thabhairt ar iasacht

Is féidir saothair ealaíne as bailiúchán Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a thabhairt ar iasacht más rud é go mbeidh an deis iomchuí ann chun iad a chur ar taispeáint ar mhaithe le leas an phobail agus más rud é nach mbeidh aon iarmhairt dhiúltach ag an gcomhaontú iasachta ar an mbailiúchán ná ar na saothair ealaíne féin.

- Ní mór iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle Contae. Ní mór do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na hiarratais go léir a mheas agus cinneadh a dhéanamh fúthu.

- Ní mór go mbeadh na sonraí seo a leanas san áireamh leis an iarratas
  - an bunús leis an iarraidh
  - an láthair ar a mbeidh an saothar ar taispeáint
  - an sochar do leas an phobail
  - an fad ama a bheidh i gceist leis an gcomhaontú iasachta
  - an teagmhálaí/rannóg aitheanta ar a gcuirfear an fhreagracht an saothar a bheidh tugtha ar iasacht a chosaint – admháil gur ar an eagraíocht is iarratasóir a bheidh an fhreagracht cumhdach árachais a fháil.

Tar éis di an t-iarratas a mheas, tabharfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freagra ina sonrófar (i gcás gur glacadh leis an iarratas) na téarmaí agus na coinníollacha lena n-áirítear ceangaltais árachais agus an fad ama a bheidh i gceist leis an gcomhaontú iasachta. Tar éis di a cinneadh a chur in iúl don fhoras is iarratasóir, ní mór dósan doiciméid ina mbeidh sonraí an chumhdaigh árachais a chur faoina bráid agus deimhniú a thabhairt i scríbhinn thar ceann an fhorais a bheidh ag glacadh an tsaothair ealaíne arna thabhairt ar iasacht, go bhfuil sé ag aontú leis na téarmaí agus na coinníollacha molta, agus go bhfuil siad sínithe ag an dteagmhálaí ainmnithe.

- Ní mór cead agus comhaontú na Comhairle Contae a bheith leis na hiasachtaí go léir.
- Ní fhéadfar na frámaí a oiriúnú ná aon chodanna eile de struchtúr an ní arna thabhairt ar iasacht a cheartú.
- Ní mór go dtabharfaí aitheantas i scríbhinn do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le linn don saothar a bheidh tugtha ar iasacht a bheith ar taispeáint. Baineann an ceangaltas seo le gach foilseachán, ábhar clóite, agus ábhar digiteach bainteach le ní(nithe) arna dtabhairt ar iasacht.

- Coimeádann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an ceart aici féin chun nithe ealaíne a ghlaoch isteach sula dtagann tréimhse na hiasachta comhaontaithe chun críche. Is fógra aon mhí amháin a thabharfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Coimeádann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an ceart aici féin chun láthair an taispeántais agus a hoiriúnacht do chur i láthair na healaíne arna tabhairt ar iasacht a mheas.
- Ní mór go sásófaí na ceangaltais maidir le soláthar leordhóthanach de bheartais rialaithe foirgnimh agus lotnaide.
- Ní mór go ndearbhófaí do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go bhfuil bearta slándála leordhóthanacha i bhfeidhm chun an saothar ealaíne uile a chosaint.
- Maidir le hiompar earraí ní mór go sásófaí gach údar imní i dtaobh slándála agus sábháilteachta de, ar iarraidh ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ba cheart go mbraithfeadh an líon daoine a mbeadh sé de chúram orthu an saothar ealaíne a iompar ó bhalla go balla ar thoirt an tsaothair arna thabhairt ar iasacht agus go mbeadh comhaontú roimh ré ann faoi idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an t-iasachtaí.
- Ní thugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin aon chuid dá bhailiúchán ar iasacht do dhaoine aonair, d'fhiontair thráchtála ná d'eagraíochtaí a bhíonn ag féachaint le brabús airgeadais a dhéanamh as comhaontuithe den sórt.
- Tabharfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gach faisnéis ábhartha agus atá ar fáil faoin ní arna thabhairt ar iasacht, don iasachtaí i scríbhinn - an luach, na toisí (leithead, airde, doimhneacht), le fráma nó gan fráma, aon ghléasadh iomchuí (i gcás saothair thríthoiseacha) - a bheidh ábhartha ó thaobh é a chosaint, é a bhuanchoimeád agus cur leis an teacht a fhéadfaidh a bheith ag an bpobal air.
- Níor cheart nithe arna dtabhairt ar iasacht a fhágáil díreach faoi sholas na gréine ná an-ghar d'fhoinsí teasa agus/nó i séideáin láidre aeir.
- Ní mór go mbeadh an rialú teasa leordhóthanach agus go sásódh sé na ceangaltais mar a bhíonn leagtha síos ag an gComhairle Contae. Treoir ghinearálta is ea an teocht a choinneáil sa réimse 16-26 céim Celsius. Níor cheart go dtiocfadh aon athrú suntasach ar an teocht in aon tréimhse fiche a ceathair uair a chloig. Ba cheart bogthaise choibhneasta a choinneáil idir 40% agus 65%.
- Is é luach reatha an ní a bheidh i gceist le cúiteamh as ní arna thabhairt ar iasacht a chailleadh nó damáiste a bheith déanta dó.
- Ní mór cead chun íomhánna, craoladh, fístaifeadadh nithe arna dtabhairt ar iasacht a atáirgeadh a lorg ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus a chomhaontú léi.

# Glacadh le bronntanais de shaothair ealaíne

Ní ar bhonn gníomhach a lorgaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin bronntanais dá bailiúchán ach tarlaíonn sé ó am go ham go ndéantar tabhartais ghnaíúla agus tugtar bronntanais de shaothair ealaíne le cur leis an mbailiúchán agus déanann Oifig Ealaíon dlr gach tairiscint den sórt a mheas. D'fhéadfadh sé go ndiúltófaí bronntanais dá measfaí nach mbeadh an saothar ealaíne oiriúnach don bhailiúchán mar gheall ar an gcaighdeán nó an oiriúnacht nó ar cheangaltais amhail slándáil, aire nó athchóiriú. Freagrófar gach tairiscint ar bhronntanais go pras i scríbhinn.

- Seasfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na costais a bhainfidh le hiompar, árachas, slándáil agus costais ghaolmhara eile i gcás go gceadófar bronntanas le cur leis an mBailiúchán Contae.
- A thúisce is a cheadófar bronntanas, glacfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin úinéireacht dhlíthiúil ar na nithe a bronnadh ar an mBailiúchán, soláthróidh sí an cumhdach árachais iomchuí agus cinnteoidh sí gur gcuirfear na nithe a bronnadh le clár sócmhainní na Comhairle (más cuí).
- Ní mór do gach saothar ealaíne a bhronntar, cibé céard is foirm dó, cloí le dlíthe na húinéireachta dlíthiúla atá ag an tír agus ní mór dó bheith saor ó aon éilimh ar úinéireacht faoi aighneas agus ó shaincheisteanna neamhdhleathachta.
- I gcás go nglacfar le bronntanais tabharfar an aird chuí ar a stair saoil agus ar a luach.

# Saothair ealaíne a fháil ar iasacht

Ó am go ham féadfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarraidh a dhéanamh ar fhoras eile, d'fhonn saothair a fháil ar iasacht chun cur le taispeántas sealadach nó le taispeántas buan.

- Ní mór go n-áireofaí an méid seo a leanas le hiarratai agus sonraí a dhéanfaí ar fhorais
  - an bunús leis an iarraidh
  - an láthair ar a mbeidh an saothar ar taispeáint
  - an sochar do leas an phobail
  - an fad ama a bheidh i gceist leis an gcomhaontú iasachta
  - an teagmhálaí/rannóg aitheanta a bhfuil an fhreagracht an saothar arna thabhairt ar iasacht a chosaint de chúram air/uirthi - dóthain de chumhdach árachais/de shlánaíocht.
- Cuirfear na hiarratais go léir, i scríbhinn, faoi bhráid an fhorais iasachtaí/ an duine aonair agus aird chuí á tabhairt ar na costais a thabhófar i leith an iompair, na slándála, an árachais agus na gcostas gaolmhar eile go léir a mheasfar a bheidh riachtanach ionas go ndéanfar an ní(nithe) arna fháil(arna bhfáil) ar iasacht a iompar go sábháilte agus go dtabharfar aire dó(díobh).
- Maidir leis na saothair go léir arna bhfáil ar iasacht, ba cheart na luachálacha ábhartha, sonraí na dtoisí, cur síos ar an gcomhdhéanamh agus ar na meáin a bheith leo nuair a ghlacfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iad.
- Tabharfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an aird chuí ar na téarmaí agus na coinníollacha iarrtha a ghabhfaidh leis na nithe arna bhfáil ar iasacht ón bhforas iasachtaí/duine aonair.
- Aontaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin costas an dochair a rinneadh do ní arna fháil ar iasacht, a tharla de bharr damáiste a rinneadh dó agus é faoi bhealach nó i dtimpiste, a chlúdach suas go luach an ní arna fháil ar iasacht.
- Soláthróidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an t-árachas le haghaidh na nithe arna bhfáil ar iasacht in aghaidh gach riosca, ar an mbonn ó bhalla go balla.
- Is í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheidh freagrach as iompar sábháilte na nithe arna bhfáil ar iasacht.

# Beartas Ceannaigh

Tá beartas ceannaigh ealaíne curtha le chéile ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a shonraíonn agus a thacaíonn le gníomhaíocht sna hamharcealaíona a fhorbairt sa Chontae. Tá sé i gceist leis an mbeartas seo creat a bheith ann maidir le saothair ealaíne a cheannach go bliantúil ó ealaíontóirí a chónaíonn, a oibríonn nó a hoileadh sa Chontae nó gur de bhunadh an Chontae iad. Is í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhéanfaidh na cinntí ceannaigh uile.

Ní mór na saothair ealaíne a bheidh á roghnú le ceannach a roghnú ar a bhfiúntas ealaíne agus ní mór go gcuirfeadh siad le luach an bhailiúcháin. Féachfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le saothair a cheannach a chuirfidh leis an mbailiúchán ina iomláine agus déanfaidh sí a dícheall le go mbeidh éagsúlacht ag baint leis na saothair a bheidh ina bailiúchán. I gcás go bhfeicfear go mbeidh bearnaí sa bhailiúchán, is ar na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas seo a bhunófar an plean ceannaigh.

- Is gá gur de bhunadh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iad na healaíontóirí a rinne na saothair ealaíne agus go gcónaíonn siad agus go n-oibríonn siad san áit nó gur oileadh ann iad.
- Is gá go mbainfeadh inniúlacht theicniúil leis an saothar ealaíne, go léireodh sé forbairt agus stíl an ealaíontóra agus go mbeadh sé ar chaighdeán sách maith chun go ndéanfaí é a mheas le ceannach.
- Déanfaidh an Chomhairle Contae saothair ealaíne i meáin éagsúla a mheas, idir mheáin thraidisiúnta agus chomhaimseartha araon.
- B’fhéidir go dtiocfaidh athrú ar an gciste bliantúil le haghaidh saothair ealaíne a cheannach. Beidh tionchar aige seo ar mhéid, ar thoisí, ar mheáin agus ar na cineálacha saothar a cheannófar.
- Ba cheart go gcloífeadh saothair ealaíne a mbeadh sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iad a cheannach, leis na ceangaltais i leith an iompair shábháilte agus a bheith réidh le cur ar taispeáint ar a seachadadh.
- Cuirfidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin saincheisteanna a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar riocht, ar aire agus ar bhuanchoimeád saothar ealaíne san áireamh, lena n-áirítear na costais bainteach le stóráil, slándáil agus doiciméadú.

# Nós Imeachta maidir le hAire

Is beartas de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin é iniúchadh a dhéanamh ar a bailiúchán gach cúig bliana chun cinntiú go mbíonn na nithe go léir catalógaithe mar is ceart, go mbíonn siad i riocht maith, go mbíonn siad curtha ar láthair shábháilte, de réir na gceangaltas comhshaoil cuí, agus go mbíonn luacháil chun dáta leagtha orthu chun críocha árachais. Is í an Oifig Ealaíon a bhíonn freagrach as cothabháil, aire agus catalógú leanúnach an Bhailiúcháin.

Ní ar an láthair chéanna a bhíonn rannóga na Comhairle i gcónaí ná ní hí an úsáid chéanna a bhaintear as spás oifige. Is de láimh a dhéanfar taifid an Bhailiúcháin a sheiceáil agus tabharfar aon athrú bainteach le láithreacha saothair ealaíne suas chun dáta agus déanfar é a dhoiciméadú.
Beidh measúnú riachtanais i gceist leis an iniúchadh ar an mbailiúchán chun cinntiú go mbeidh na saothair ealaíne

- á gcoinneáil ar an láthair atá ar taifead sa chomhad
- fráma orthu mar is cuí
- i suíomh atá i riocht comhshaoil cuí
- curtha ar láthair nach bhfuil díreach faoi sholas na gréine
- curtha ar láthair nach bhfuil damáiste á dhéanamh ag lotnaidí ná ag éilliú dóibh.

# Doiciméadacht agus Taifid

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarracht taifid chruinne a choinneáil maidir leo seo

- Aithint
- Stóráil
- Cur ar taispeáint
- Luacháil
- Láthair
- Riocht
- Uimhir chatalóige nó aitheantais agus
- Ainmneacha na n-ealaíontóirí

ar a chóras comhdúcháin inmheánach mar thagairt. Ba cheart go n-áireofaí iad seo leis an bhfaisnéis - cibé ar ceannaíodh an ní, ar tugadh ar iasacht nó mar thabhartas é don údarás áitiúil, an dáta ar thángthas ar chomhaontú faoin idirbheart agus na téarmaí (dá mba ann dóibh) ar ar bunaíodh an t-idirbheart.

# Nós Imeachta maidir le Díshealbhú

Is é an míniú atá le díshealbhú an próiseas trína mbaintear saothar ealaíne nó rud eile (i gcnuasach, "saothar"), go hiomlán nó go páirteach, amach go buan as bailiúchán músaeim. (AAMD, 2010) Tharlódh sé ó am go ham go mbainfí saothair ealaíne amach as an mbailiúchán mar thoradh ar dhamáiste doleasaithe nó mar gheall ar chostais neamhphraiticiúla bainteach le hathchóiriú. Déantar na cinntí maidir le díshealbhú go cúramach agus go tuisceanach agus ar mhaithe le hindéantacht ó thaobh airgeadais de. Cuid de bheartas foriomlán na Comhairle Contae atá sa díshealbhú ó thaobh aire a thabhairt do chaighdeán an bhailiúcháin agus é a chothabháil.

D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith ann go mbeadh sé riachtanach saothar ealaíne a dhíshealbhú. Tá liosta samplaí anseo thíos a léiríonn an fáth gur chuí an próiseas a ghlacadh; ach ní dearbh-bhunús é le tabhairt faoi dhíshealbhú.

- Go bhféadfadh go measfaí saothair shonracha ar leith a bheith ar dhroch-chaighdeán agus nach mbeadh sé indéanta ag an údarás áitiúil an infheistíocht a dhéanamh chun iad a athchóiriú.
- Go bhféadfadh go n-ardófaí ceisteanna faoi stair saoil dhlíthiúil shaothair sa bhailiúcháin ag eascairt as faisnéis úrnua agus go bhféadfadh sé gur ar leas an phobail é saothair den sórt a bhaint amach as an mbailiúchán, a thabhairt ar ais nó a chur ar láthair eile.
- Nach ndéanfaí an leas ab fhearr do mhuinín an phobail dá bhfaighfí amach gur bhain barántúlacht nó cur i leith a bhí falsa le saothar agus go rabhthas ag glacadh leis go raibh sé bréagach.
- Go bhféadfar saothair a dhíshealbhú mar chuid de ghnáthbheartas cur leis an mbailiúchán ealaíne atá i seilbh na Comhairle Contae agus é a fheabhsú.
- Go bhféadfadh sé go gcaithfí athmheasúnú a dhéanamh ar na ceangaltais a ghabhann le saothair a bhfuil riachtanais agus soláthar stórála speisialta ag baint leo.
- Go bhféadfadh sé a bheith deacair ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leanúint uirthi ag tabhairt aire do phíosa ealaíne agus dá chaomhnú ar bhealach freagrach.
- Gur bhaol nach bhféadfaí glacadh leis a bheadh sa saothar ealaíne do shláinte daoine.

Is í an Oifig Ealaíne agus ise amháin a dhéanfaidh na cinntí faoi shaothair ealaíne sa bhailiúchán a dhíshealbhú, bunaithe ar chomhairle ó shaineolaithe seachtracha. Sula ndéanfaí cinneadh, ba cheart go dtabharfaí luach an tsaothair(na saothar) i gceist ar aird chomh maith le mianta an ealaíontóra dá mb'fhéidir é.

Tá líon áirithe roghanna ann a bheadh fóinteach sa phróiseas díshealbhaithe lena n-áirítear iad seo - díolachán, cur ar ceant nó malartú leis an ealaíontóir más beo dó/di. Ní mór aon airgead a gheofaí as saothar ealaíne a dhíol nó a mhalartú a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh arís sa bhailiúchán.

Áirítear iad seo a leanas leis na nithe a dteastaíonn aird speisialta a thabhairt orthu - saothair a bhronn duine aonair, saothair le healaíontóir atá beo, agus saothair a bhfuil tábhacht áirithe leis don phobal áitiúil ó thaobh na mothúchán nó an réigiúin. Cuirfear na healaíontóirí go léir atá beo ar an eolas i scríbhinn más féidir é nó na bronntóirí a bhronn saothair ealaíne más féidir é.

Ní dhéanfar saothair ealaíne a bhfuil luach thar €10,000 orthu a dhíshealbhú gan toiliú Fhoireann Bainistíochta Fheidhmeannacht na Comhairle a fháil i scríbhinn.